CULTÚRLANN
MᶜADAM Ó FIAICH











# FLEADH FEIRSTE

CLÁR FLEADH FEIRSTE 2024




## FOCAL ÓN CHOISTE EAGRÚCHÁIN
## WORD FROM THE COMMITTEE

## FLEADH FEIRSTE 2024

Mar a dúirt an Coiste Eagrúcháin: "Is fleadh faoi leith í Fleadh Feirste a léiríonn bunluachanna an phobail Ghaelaigh in iarthar na cathrach, mar atá, an chomhpháirtíocht, an chomhbhá agus an chomhghuaillíocht. Is fleadh fhíorspeisialta í seo agus tá muid thar a bheith bródúil as an phobal s'againn agus as an chlár seo."

*In the words of the organizing committee: "Fleadh Feirste is a unique festival as it demonstrates the core values of the Irish language community in the west of the city, namely partnership, kinship and a common mission. We are incredibly proud of our community and of this programme."*

## TEACHTAIREACHT ÓNÁR BPRÍOMH-MHAOINITHEOIR
## MESSAGE FROM OUR PRINCIPAL FUNDER



Tá an Chomhairle Ealaíon bródúil as a bheith mar phríomh-mhaoinitheoir na Cultúrlainne le fada an lá, trínár gcistí Crannchuir Náisiúnta. An tSamhain seo, ceiliúrann an Crannchur Náisiúnta 30 bliain de thacaíocht cheannródaíoch do Chúiseanna Maithe, lena n-áirítear na healaíona i dTuaisceart Éireann. Tá an infheistíocht seo riachtanach do gach duine a bhfuil baint acu leis na healaíona, agus cuireann sé ar chumas grúpaí, lena n-áirítear an Chultúrlann, raon iontach gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha a chur ar fáil dá bpobail ar feadh na bliana. A bhuí leis an mhol bhríomhar seo, tá na healaíona ag fás i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta i mBéal Feirste.

I mbliana, agus an Nollaig ag druidim linn, tá clár speisialta eile de chuid Fleadh Feirste cruthaithe ag An Chultúrlann agus a gcomhpháirtithe Gaeilge sa Cheathrú Ghaeltachta. Bealach iontach chun an bhliain a thabhairt chun críche agus an pobal a thabhairt le chéile chun spreagadh, tógáil croí agus siamsa a aimsiú, arna sholáthar ag na healaíona ar a mbealach sainiúil féin!

*The Arts Council is proud to be the long-time principal funder of An Cultúrlann, through our National Lottery funds. This November, the National Lottery celebrates 30 years of game-changing support for Good Causes, including the arts in Northern Ireland. This investment is essential to everyone involved in the arts, and it makes it possible for the likes of An Chultúrlann to provide their communities with an amazing range of creative and cultural activities, all the year round. Thanks to this vibrant hub, the arts continue to flourish at the heart of Belfast's Gaeltacht Quarter.*

*This Christmas, An Chultúrlann and their Irish Language partners in the Ceathrú Ghaeltachta, have created another Fleadh Feirste programme to remember. The perfect way to round off the year and bring the community together to be inspired, uplifted and entertained, in ways only the arts can do!*

**Roisín McDonough,**
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
*Chief Executive,*
*Arts Council of Northern Ireland*

# FLEADH FEIRSTE 2024

| *Imeacht* | *Cineál Imeachta* | |
|---|---|---|
| **Seoladh Chlár Fleadh Feirste**<br>22\|11\|24 \| 1:00 - 2:00pm | | Pobal \| Community |
| **Suí 's Scíth**<br>27\|11\|24 \| 10:00 - 11:00am | | Teaghlaigh \| Family |
| **Seó na Nollag: Saintí sa Bhaile i gcomhar leis an tSnáthaid Mhór**<br>27\|11\|24 \| 10:30 - 11:45am | | Óige \| Youth |
| **Pauline Scanlon in Áras Uí Chonghaile**<br>27\|11\|24 \| 7:00pm | | Ceol \| Music |
| **Seó na Nollag: Saintí sa Bhaile i gcomhar leis an tSnáthaid Mhór**<br>28\|11\|24 \| 10:30 - 11:45am | | Óige \| Youth |
| **Tráth na gCeist i gcomhar le hIonad Uíbh Eachach**<br>28\|11\|24 \| 7:30pm | | Pobal \| Community |
| **Seó na Nollag: Saintí sa Bhaile i gcomhar leis an tSnáthaid Mhór**<br>29\|11\|24 \| 10:30 - 11:45am | | Óige \| Youth |
| **Conradh na Gaeilge - Logainmneacha an tSléibhe Dhuibh**<br>29\|11\|24 \| 12:30pm | | Pobal \| Community |
| **Cothaigh: Léacht & Dinéar an Ceathrún Gealtacht**<br>29\|11\|24 \| 8:00pm | | Pobal \| Community |

## FLEADH FEIRSTE **2024**

| *Imeacht* | *Cineál Imeachta* | |
|---|---|---|
| **Faiteach - Aiteach le Dónall Mac Giolla Chóill**<br>30\|11\|24 \| 11:00am - 2:00pm | | Litríocht \| Literature |
| **Seó na Nollag: Saintí sa Bhaile i gcomhar leis an tSnáthaid Mhór**<br>30\|11\|24 \| 12:00pm | | Teaghlaigh \| Family |
| **'Kneecap' - Léiriú scannáin agus C&F i gcomhar le BFI agus Zeppo Arts**<br>30\|11\|24 \| 7:00pm | | Pobal \| Community |
| **Seoladh Leabhair: Saintí sa Bhaile**<br>1\|12\|24 \| 1:00pm | | Teaghlaigh \| Family |
| **Pluais Dhaidí na Nollag**<br>1\|12\|24 \| 1:00 - 4:00pm | | Teaghlaigh \| Family |
| **Craoladh beo le Raidió Fáilte**<br>1\|12\|24 \| 2:00 - 4:00pm | | Pobal \| Community |
| **Lasadh Shoilse na Ceathrún Gaeltachta le haíonna speisialta**<br>1\|12\|24 \| 4:00pm | | Pobal \| Community |
| **'An tUltach' leis an Dr Niall Comer agus Fís an Phobail**<br>7\|12\|24 \| 12:00pm | | Pobal \| Community |
| **Ceolchoirm na Nollag le Moya Brennan**<br>14\|12\|24 \| 7:00pm | | Ceol \| Music |




## AN CEATHRÚ PÓILÍ

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge é An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

*An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.*

| | |
|---|---|
| ***Uaireanta oscailte:*** *Opening Hours* | |
| ***Dé Luain - Dé hAoine:*** *Mon - Fri:* | |
| 9:30am | 5:30pm |
| ***Dé Sathairn:*** *Sat:* | |
| 9:30am | 4:00pm |
| ***Dé Domhnaigh:*** *Sun:* | |
| Druidte \| Closed | |
| 02890 322811 | |
| www.anceathrupoili.com | |

An Ceathrú Póilí



## BIA LOCH LAO

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bia Loch Lao ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bia agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde. Gheobhaidh achan duine a cheannaíonn ticéid d'imeachtaí na Cultúrlainne 15% lacáiste ar bhia. Bígí linn!

*Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Bia Loch Lao is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia Loch Lao offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards. Get 15% off your food if you hold tickets to any of the Cultúrlann events. Come and join us!*

*Uaireanta oscailte:*
*Opening Hours*

*Dé Domhnaigh - Déardaoin*
Sun - Thurs:

| | |
|---|---|
| 9:00AM | 7:00PM |

*Dé hAoine - Dé Sathairn*
Fri - Sat:

| | |
|---|---|
| 9:00AM | 9:00PM |

*Cuir glaoch orainn ar | Call us on*
02890 964184.



## FÍS AN PHOBAIL:
## ‘SUÍ ’S SCÍTH NA NOLLAG’

Is deis iontach é seo chun bualadh le tuismitheoirí eile atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge agus is deis é fosta do na páistí bualadh le cairde nua!
Teagmháil: sorcha@fisanphobail.com

*Come join us for a wonderful chance to connect with other parents raising their children with Irish. It’s also a great way for the kids to make new friends and have fun together.*
*Contact: sorcha@fisanphobail.com*

27|11|24

10.00am - 11:00am

*Eolas:*

**Sorcha@fisanphobail.com**



## SEÓ NA NOLLAG

# Saintí sa Bhaile

**á chur i láthair ag an tSnáthaid Mhór**

Timpeall an domhain in aon oíche amháin. Daidí na Nollag sa charr sleamhnáin. Céard a tharlaíonn ina dhiaidh sin? Conas a chaitheann Saintí agus a chairde an Nollaig sa Mhol Thuaidh?

*Around the world in one night. Santa Claus in his sleigh. What happens next? How do Santa and his friends spend Christmas at the North Pole?*

| | |
|---|---|
| **Seó Scoile** | 28\|11\|24 - 29\|11\|24 |
| 10:30 - 11:45am | |
| **Seó Teaghlaigh** | 30\|11\|24 |
| 12:00 - 12:45pm | |
| **sinead@culturlann.ie** | |
| £5 an páiste/ £5 per child | |
| An tSnáthaid Mhór | |



## An tSnáthaid Mhór:
## Seoladh Leabhair | Book Launch
# SAINTÍ SA BHAILE

Is stiúideo ábhair chruthaithe é An tSnáthaid Mhór a chruthaíonn agus a fhoilsíonn leabhair, e-leabhair, físeáin agus beochana do pháistí.
Timpeall an domhain in aon oíche amháin. Daidí na Nollag sa charr sleamhnáin. Céard a tharlaíonn ina dhiaidh sin? Conas a chaitheann Saintí agus a chairde an Nollaig sa Mhol Thuaidh?

*An tSnáthaid Mhór is an Illustrative content studio that creates and publishes books, e-books, video and animation for children of all ages.*
*Around the world in one night. Santa Claus in his sleigh. What happens next? How do Santa and his friends spend Christmas at the North Pole?*

1|12|24

1.00pm

An tSnáthaid Mhór



## PLUAIS DHAIDÍ NA NOLLAG

## SANTA CLAUS' GROTTO

Ná cailligí an deis bualadh le Daidí na Nollag agus é ag tabhairt cuairt ar Chultúrlann McAdam Ó Fiaich agus ar na páistí ar fad a bhfuil Gaeilge acu! Gheobhaidh na páistí maithe uilig bronntanas galánta ar an lá. Agus tú ag fanacht le bualadh leis an fhear é féin, thig leat sult a bhaint as ceardlann ealaíne spraíúil a bheidh ag tarlú ag an am céanna.

*Don't miss the chance to meet Daidí na Nollag while he is visiting Cultúrlann McAdam Ó Fiach and all the Irish-speaking children! All the good children will get a wonderful present on the day. There will be a fun art workshop also taking place while you wait to meet the man himself.*

01|12|24

1:00pm - 4:00pm

*Raidió Fáilte*

*£5 an páiste | £5 per child (Pictiúr agus bronntanas san áireamh | Picture and gift included)*



# PAULINE SCANLON
## LIVE AT ÁRAS UÍ CHONGHAILE

Bí linn d'oíche dhodhearmadta le Pauline Scanlon, an t-amhránaí agus cumadóir amhrán iomráiteach as Éirinn, a bhfuil cáil uirthi as a guth mealltach agus a cur chuige nua-aimseartha i leith an cheoil thraidisiúnta.

Agus í de bhunadh iarthar Chiarraí, tá guth Pauline Scanlon lán le codarsnachtaí—ársa ach úr, go hiomlán Gaelach ach a théann i gcion ar dhaoine ar fud an domhain.

Bígí linn do cheol iontach agus do lirící ó chroí agus Pauline ag léiriú a meascáin uathúil féin de phaisean agus de scéalaíocht ar an stáitse.

*Experience an unforgettable evening with Pauline Scanlon, the renowned Irish singer-songwriter, known for her captivating voice and modern twist on traditional folk music. A native of West Kerry, Pauline Scanlon's voice continues to embody contradictions – ancient yet fresh, uniquely Irish yet universally resonant.*

*Join us for a night of incredible melodies and heartfelt lyrics as Pauline brings her unique blend of passion and storytelling to the stage.*

28|11|23

Doirse 7.00pm | Ceolchoirm 8pm

Ticéid £15

*www.arasuichonghaile.com/concert/*

Áras Uí Chonghaile
James Connolly Visitor Centre



## CEOLCHOIRM NA NOLLAG LE
# MOYA BRENNAN

Seo í Moya Brennan, guth Clannad agus Banríon an Cheoil Cheiltigh, agus í ag tabhairt teas agus spiorad a cuid ceoil chuig seó speisialta séasúrach lán le ceiliúradh agus machnamh. In éineacht lena banna, seinneann Moya rogha shaibhir d'amhráin agus de cheolta traidisiúnta Nollag de chuid na hÉireann agus ón Eoraip, chomh maith lena cuid amhrán aonair agus clasaiceacha le Clannad. Seó bliantúil é seo le 11 bliana anuas a chuireann teachtaireacht an tséasúir i gcroíthe lucht féachana ar fud na hÉireann, na hEorpa, agus Mheiriceá.

Tugann a halbam Nollag, An Irish Christmas, léargas Ceilteach ar amhráin agus carúil chlasaiceacha agus chomhaimseartha, amhail "Oíche Chiúin","In the Bleak Midwinter", "In Dulci Jubilo", agus "Joy to the World". Le déanaí, in 2023, d'eisigh sí leagan nuashonraithe Gaeilge den albam, *Nollaig Ghaelach*, a bhfuil ról lárnach anois aige ina seó Nollag, mar aon le rogha amhrán óna cuid oibre aonair agus a saothar le Clannad.

Tá tallann iontach sa bhanna a sheinneann léi: Cormac De Barra ar an chláirseach, Clare Friel ar an fhidil, Aisling Jarvis ar an ghiotár agus ar an bhusúcaí, agus Paul Jarvis ar an mhéarchláir agus ar an chnagcheol. Le chéile, cruthaíonn siad eispéireas draíochta a léiríonn áilleacht an tséasúir i ngach nóta.



*Here is Moya Brennan, the voice of Clannad and the First Lady of Celtic Music, bringing the warmth and spirit of her music to a special seasonal show filled with celebration and reflection. Alongside her band, Moya performs a rich selection of traditional Christmas songs from Ireland and Europe, as well as her well-known solo pieces and Clannad classics. This annual show, presented for the last 11 years, brings the season's message to audiences throughout Ireland, Europe, and the United States.*

*Her Christmas album, *An Irish Christmas*, offers a Celtic perspective on classic and contemporary Christmas songs and carols such as "Silent Night", "In the Bleak Midwinter", "In Dulci Jubilo" and "Joy to the World". Recently, in 2023, she released an updated Irish-language version of the album, *Nollaig Ghaelach*, which now plays a central role in her Christmas show, alongside selections from her solo work and Clannad's music.*

*Her band includes exceptional talent: Cormac De Barra on harp, Clare Friel on fiddle, Aisling Jarvis on guitar and bouzouki, and Paul Jarvis on keyboards and percussion. Together, they create a magical experience that captures the beauty of the season in every note.*

| | |
|---|---|
| **14/12/24** | **7:00pm** |
| **£15** | |
| **sinead@culturlann.ie** | |



# TAISPEÁNTAS CHOLÁISTE FEIRSTE

Is mór an onóir dúinn gach bliain cuireadh a thabhairt d'ealaíontóirí óga díograiseacha Choláiste Feirste a gcuid ealaíne a chur ar taispeáint i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich. Tugann an taispeántas seo spléachadh dúinn ar shaol na n-óg sa cheantar agus ar na hábhair is mó atá mar inspioráid ag na hógánaigh seo. Is ócáid bhliantúil anois é an taispeántas seo a thugann ardán don tallann iontach atá i ranganna ealaíne Choláiste Feirste. Tá píosaí ealaíne ó scoláirí A-Leibhéil agus TGM ar taispeáint sna Dánlanna agus tá ardchaighdeán oibre le feiceáil thar meáin éagsúla.

*It is a privilege for us every year to invite young, dedicated artists from Coláiste Feirste to showcase their artwork in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. This exhibition gives us an insight into the young people in our community and the subjects that inspire them to create their art. This exhibition is now a yearly event which showcases the immense talent in Coláiste Feirste's Art Department. The pieces will include pieces of art from A-Level and GCSE students across a range of mediums.*

31/10/2024 - 28/11/2024

*Dánlann Dillon & Na Ballaí Bána*



# RAPHAEL LLEWELLYN

## THE SPACE IN BETWEEN

Chinn mé saothair i ndúch agus in ola a chur i láthair sa taispeántas seo. Agus mé á chur san áireamh go ndéanann muid brí agus cuimhne a léiriú ar an tírdhreach i rith an ama, tá mé ag úsáid tírdhreacha mar chúlra.
Tá cuid de na pictiúir leath-theibí agus bainim úsáid as cur chuige íosta a laghdaíonn gnéithe amhairc an tírdhreacha agus a bhfuil sé mar aidhm aige atmaisféar a chruthú ina maolaítear sainghnéithe ama agus áite, rud a chuireann ar chumas na mbreathnóirí machnamh a dhéanamh ar a gcuimhní féin agus ar an dáimh atá acu le háiteanna ar leith. Baineann na saothair bheaga sa taispeántas le próisis laethúla bhreathnóireachta a bhíonn in amhras, in amanna, faoin bheatha féin. Déanaim iarracht i mo chuid oibre meandar a sháraíonn imeacht ama a chur i láthair, cuireadh chun fanacht socair agus machnamh a dhéanamh ar ár n-áit sa domhan.
Cuirtear an saothar i láthair ar chanbhás agus ar pháipéar araon. Úsáidim páipéar i gcuid den saothar go príomha ar mhaithe le leathadh, trédhearcacht agus sreabhántacht na péinte nó an dúigh.

*For this exhibition I have decided to present works in ink and oil.*
*Consideringthat we consistently project meaning and memory on to landscape I am using landscape as a backdrop.*
*Some of the paintings are semi-abstract using a minimal approach that reduces the visual elements of landscape and aims to create atmospheres where specificity of time and place recedes, allowing the viewer to reflect on their own memories and associations of place.*
*The smaller works in the exhibition are informed by everyday processes of observation that sometimes question the act of living.*
*I try in my work to present a moment that defies time, an invitation to stop and contemplate our place in the world.*
*The work is presented on both canvas and paper. A principal consideration for using paper in some of the work is for application, transparency and fluidity of paint or ink.*

| 05/12/2024 - 23/01/2025 |
|---|
| *Ballaí Bána* |



## COMÓRTAS EALAÍNE
## ART COMPETITION

Tá an Nollaig ag teannadh linn agus ba mhaith le Cultúrlann McAdam Ó Fiaich cuireadh a thabhairt daoibh bhur scileanna ealaíne a léiriú i gcomórtas ealaíne Fhleadh Feirste.
Beidh Fleadh Feirste, féile bhliantúil na Ceathrún Gaeltachta, ar siúl i mbliana ó 27 Samhain - 1 Nollaig.
Féadfaidh na páistí a rogha féin pictiúir a tharraingt bunaithe ar théama 'An Geimhreadh/An Nollaig'. Is iad Eochairchéim 1 agus Eochairchéim 2 catagóirí chomórtas na bliana seo. Crochfar na trí phictiúr is fearr ó EC1 agus EC2 ó gach scoil i dtaispeántas ar leith sa Chultúrlann.
Roghnóidh Coiste Ealaíne na Cultúrlainne na pictiúir sin a rachaidh isteach sa bhabhta dheireanach den chomórtas agus bronnfar duaiseanna 1ú, 2ú agus 3ú háit sa dá chatagóir (dearbháin ón Cheathrú Póilí!).

Bronnfar duais ar leith £100 ar an scoil is fearr san iomlán!

**An dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais ná 5:00in, Aoine 22 Samhain 2024.**

Beidh lá spraoi teaghlaigh ann Dé Domhnaigh, 1 Nollaig agus fógrófar na buaiteoirí ar a 5:00in, le linn imeachtaí Lasadh Shoilse na Nollag i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich.

Tá súil againn go mbeidh sibh páirteach i mbliana agus go mbeidh Comórtas Ealaíne Fhleadh Feirste ar fhéilire bhur scoile i gcónaí! Tugaigí faoi deara, le bhur dtoil, NACH FÉIDIR glacadh le saothair ealaíne nach bhfuil na sonraí ábhartha curtha leo (féach na nótaí sa treoirlínte).
**Cuir ríomhphost chuig stiofan@culturlann.ie le haghaidh tuilleadh eolais agus cóip de threoirlínte an chomórtais.**



*It's almost time for Christmas and Cultúrlann McAdam Ó Fiaich would like to extend an invitation to display your art skills and be a part of Fleadh Feirste's Art Competition!*

*This year's Fleadh Feirste, our annual festival celebrating the Gaeltacht Quarter, will be taking place from 27th of November – 1st of December. The children can draw a picture of their own choice based on a Winter/Christmas theme. The two categories this year are Key Stage 1 and Key Stage 2. The best 3 pictures from Key Stage 1 and Key Stage 2 from each school will be displayed in a special exhibition in the Cultúrlann. Our Art Panel will choose which pictures will be entered into the final competition with1st, 2nd and 3rd place prizes awarded in each category (vouchers for Cultúrlann's An Ceathrú Póilí) and a special prize of £100 for the overall best school!*

***The closing date for entries is 5:00pm Friday, 22 November 2024.***

*We will be having a Christmas Family Fun day on Sunday the 1st of December. The winner will be announced at the Christmas Lights Event at 5:00pm at Cultúrlann McAdam Ó Fiaich.*

*We hope your school will take part this year and that Fleadh Feirste's art competition will continue to be on your school's calendar.*
*Please note: Artworks without the relevant details CANNOT be entered into the competition (please refer to the guidelines).*

***Email stiofan@culturlann.ie for more information and a copy of the competition guidelines***




**Seoladh Leabhair i gcomhar**
**le Outburst Arts agus an Ceathrú Póilí**

## FAITEACH - AITEACH
## LE DÓNALL MAC GIOLLA CHÓILL

Bígí linn Dé Sathairn, 30 Samhain ag 1:00in, nuair a sheolfaidh Conor Torbóid, Eagarthóir Nós, 'Faiteach – Aiteach' le Dónall Mac Giolla Chóill, i nDanlann Dillon sa Chultúrlann.
Beidh Aisling Ní Fhrighil ó 'Queercal', pléghrúpa aiteach Feirsteach, i gceannas ar an ócáid agus beidh DMGC é féin i láthair chomh maith.

Cuirfear sólaistí ar fáil.

*Join us on Saturday, November 30 at 1:00 pm in Cultúrlann's Dillon Gallery when Conor Tóirbid, editor of Nós, will launch Faiteach - Aiteach by Dónall Mac Giolla Chóill.*
*Aisling Ní Fhrighil from Queercal, a Belfast queer discussion group, will lead the event, and DMGC himself will also be present.*

*Refreshments provided*

30|11|24

1:00pm

Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich
Saor in aisce | Free entry

An Ceathrú Póilí

OUTBURST ARTS




## TRÁTH NA GCEIST

Bígí réidh le haghaidh oíche mhór shiamsa sa Beehive Bar, Béal Feirste! Mar chuid d'Fhleadh Feirste, féile Nollag na Ceathrún Gaeltachta, beidh 'Tráth na gCeist Nollag' againn - lán le craic agus duaiseanna iontacha. Bí linn chun do chuid eolais a thástáil agus duaiseanna beaga speisialta a bhaint i rith na hoíche! Tabhair leat do chuid cairde agus bí páirteach sa spraoi Nollag. Níl an táille iontrála ach £5 an duine! Ná cailligí an oíche iontach chraice agus chomórtais seo – feicfimid ann sibh!

*Get ready for a lively night of festive fun at the Beehive Bar! As part of Fleadh Feirste, the Gaeltacht Quarter's Christmas festival, we're hosting a Christmas Quiz full of holiday cheer and fantastic prizes. Join us for a chance to win big, with prizes and spot prizes up for grabs throughout the evening! Bring your friends, put your knowledge to the test, and enjoy the festive atmosphere. Entry is only £5 per person! Don't miss out on this brilliant night of craic and competition – see you there!*

28|11|24

7:30pm

£5

THE BEEHIVE




## QUEERCAL COMHRÁ BÉAL FEIRSTE

**Cé muidne?**

Is grúpa Gael aiteach muid a chasann le chéile cúpla uair sa mhí le cúpla focal Gaeilge a roinnt agus giota craic a bheith againn.
De ghnáth casann muid le chéile ar an dara Satharn den mhí agus ar an Chéadaoin dheireanach.
Beidh an chéad teacht le chéile eile ar siúl sa John Hewitt ar 27 Samhain óna 7 a chlog ar aghaidh. Bígí linn!

Léan ar Instagram muid:
**queercal_comhra_beal_feirste**

**Who are we?**

*We're a group of queer Irish speakers who meet a couple of times a month to share a few words of Irish and have a bit of fun.*
*Usually, we meet on the second Saturday of the month and on the last Wednesday.*
*The next meetup will be held at the John Hewitt on the 27th of November from 7 o'clock on. Join us!*

*Follow us on Instagram:*
**queercal_comhra_beal_feirste**

27|11|24

7:00pm

*John Hewitt*

Saorchéad isteach | Free entry




## SEOLADH LEABHAIR GHLÓR NA MÓNA: 20 BLIAIN AG FÁS

## GLÓR NA MÓNA'S BOOK LAUNCH: 20 YEARS A-GROWING

Seoladh oifigiúil ar an leabhar nua a dhéanann ceiliúradh ar 20 bliain de Ghlór na Móna le 20 de chuimhní cinn speisialta ó réimse de chairde, chomrádaithe agus phobal Ghlór na Móna thar na blianta. Cluinfidh muid cuid de na píosaí seo ar an oíche agus díolfar an leabhar ag an imeacht chomh maith. Léireofar an gearrscannán nua le Bayview Media ar 20 bliain de Ghlór na Móna agus beidh ceol agus fíon ar fáil. Bígí linn chun an ceiliúradh speisialta seo a dhéanamh.

*Official launch of the new book celebrating 20 years of Glór na Móna, featuring 20 special memories from a range of friends, comrades, and the wider Glór community over the years. We will hear some of these pieces on the night, and the book will also be available to purchase at the event. A new short film by Bayview Media on 20 years of Glór na Móna will be shown, and there will be music and wine available. Join us to mark this special celebration.*

| 28\|11\|24 | 7:30pm |
| --- | --- |
| *Gael-Ionad Mhic Goill* | |

# COTHAIGH

## DINNÉAR AGUS LÉACHT BHLIANTÚIL NA CEATHRÚN GAELTACHTA



Beidh Forbairt Feirste ag reáchtáil léachta agus dinnéir arís i mbliana i gcomhpháirtíocht le Cultúrlann McAdam Ó Fiaich le ceiliúradh a dhéanamh ar phobail agus ar an chomhoibriú.

| 29\|11\|24 | 7:00pm |
|---|---|
| *Bia Loch Lao* | |
| Forbairt Feirste – Ag Fiorú na Ceathrún Gaeltachta | |

## LOGAINMNEACHA AN TSLÉIBHE DHUIBH

Beidh an Dr Lauren Ní Néill agus aíonna speisialta i mbun ceardlainne faoi stair agus seanchas shléibhte Bhéal Feirste.

| 29\|11\|24 |
|---|
| 12:30pm |
| *Gael-Ionad Mhic Goill* |
| **dearbhail@cnag.ie** |
| Conradh na Gaeilge |






## CRAOLADH BEO LE RAIDIÓ FÁILTE

Craoladh Beo seachtrach ó Chultúrlann McAdam Ó Fiaich mar chlabhsúr ar Fhleadh Feirste. Aíonna speisialta agus Lasadh Shoilse na Nollag.


**Beo ar líne ar www.raidiofailte.com & ar 107.1FM**

*Live broadcast from Cultúrlann McAdam Ó Fiaich as a closing ceremony for Fleadh Feirste. Special guests and Christmas lights switch on.*

***Live online on www.raidiofailte.com & on 107.1FM***

01|12|24

2:00pm - 4:00pm




## AN tULTACH I GCOMHAR LE FÍS AN PHOBAIL

## AN tULTACH - COMÓRADH 100 BLIAIN

Cuireadh An tUltach ar bun in 1924 le go mbeadh deis ag scríbhneoirí ó Chúige Uladh peann a chur le pár agus oidhreacht Ghaeilge Uladh a chaomhnú. I mbliana beidh eagrán speisialta á sheoladh le comóradh a dhéanamh ar an chloch mhíle seo. Is é Comhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge atá i mbun a fhoilsithe agus tá meascán spéisiúil ábhar ann, cruthaitheacht agus ábhar acadúil san áireamh.

| 7/12/24 | 12:00pm |
|---|---|

Tuilleadh eolais ó Niall Comer: **niallcomer@googlemail.com**

An tUltach

Fís an Phobail — Plean Teanga Feirste Thiar

Conradh na Gaeilge



# LASADH SHOILSE NA NOLLAG
# SWITCHING ON THE CHRISTMAS LIGHTS

Lasfar soilse na Nollag le haíonna speisialta agus is cinnte go spreagfar spiorad na Nollag ionat. Fosta, fógrófar buaiteoirí chomórtas ealaíne na scoileanna agus beidh maróga Nollag blasta agus scailtín fíona ar fáil sa chaifé. Tá aíonna speisialta againn i mbliana le soilse Nollag na Cultúrlainne a lasadh!

*The Christmas tree lights will be switched on by special guests and will no doubt inspire your Christmas spirit. We will also announce the winners of the school Christmas art competition and there will be mince pies and mulled wine in the caifé with the lovely tunes of Cór Loch Lao. We have special guests this year to light the Christmas lights!*

01|12|24

1:00 - 4:00pm

Saor in aisce | Free admission

*Áit| Place:*

*Cultúrlann McAdam Ó Fiaich*

# NA MEÁIN SHÓISIALTA
# SOCIAL MEDIA

Bíonn ardáin na Cultúrlainne i gcónaí gnóthach le hábhair ar chúrsaí laethúla sa Chultúrlann agus scéalta faoi imeachtaí a bheidh ag teacht aníos - agus ó am go ham craic leis an fhoireann! Bí cinnte go leanann tú muid ar na hardáin thíos agus tabhairt laidhc le bheith ar an eolas faoi imeachtaí sa Chultúrlann agus lena chinntiú nach gcaillfidh tú amach - agus is féidir fiú go mbeidh tú féin le feiceáil i bpictiúir ar an fhíd ó imeachtaí!

*Our social media platforms are always busy with content about what's going on that day and upcoming events - and sometimes the team having a bit of craic! Make sure to follow us and like our posts to stay up to date on what's happening so that you don't miss out on something special and maybe even catch yourself in the event pictures or reels on our feeds!*

**An raibh a fhios agat gur féidir leat an cód QR Linktree a scanadh agus beidh gach píosa eolais faoin Chultúrlann agus na himeachtaí ar fáil ar leathanach beag amháin ar do ghuthán?**

**Did you know you can scan the QR code for Linktree and you'll have access to all information about An Chultúrlann in one neat webpage on your phone?**

Linktree | @culturlann

nó scan an cód QR seo le do ghuthán / or scan this QR code with your phone

Suíomh | website
www.culturlann.ie

Instagram
@Culturlann

Facebook
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

X / Twitter
@Culturlann

Tiktok
@Culturlann

YouTube
@Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH


Arts Council of Northern Ireland
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Airts Cooncil o Norlin Airlann

Comhairle Chathair Bhéal Feirste

Foras na Gaeilge

An Roinn Pobal

FUTURE SCREENS NI